

**Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Lú ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois**

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Lú a léamh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois.

Ábhar béaloidis a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar béaloidis as Bailiúchán na Scol á fhoilsiú ar [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó na contaetha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Dún na nGall, Port Láirge, Gaillimh, Liatroim, Cill Dara, Ciarraí, Sligeach, Luimneach, Muineachán, Laois, agus Cill Chainnigh ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí i mbliana.

Ghlac breis agus 75 scoil páirt sa scéim i gContae Lú agus tiomsaíodh 25 imleabhar d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá [duchas.ie](http://www.duchas.ie) á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacha agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair [duchas.ie](http://www.duchas.ie) maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

**CRÍOCH**

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

[clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie)

(01) 700 6577



An Roinn  
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht



Nóta d'eagarthóirí:

### Ábhar Chontae Lú

'Ón [Drobhaois](#) go dtí an [Bhóinn](#)' a shamhlaítear le limistéar stairiúil Chúige Uladh. Mar sin de, bhí ceangal ag Contae Lú le Cúige Uladh riamh anall, rud atá soiléir ó na giotáí de Ghaeilge dhúchasach a bailíodh mar chuid de Scéim na Scol, mar shampla, an tseanphaidir [seo](#) ó leithinis cháiliúil [Chuaille](#):

*'An i do chodladh atá tú, a mháthair?  
Chan eadh ach ag téanamh aisling a ghrá  
Goidé an aisling é, a mháthair  
Tá go bhfaca mé fear caol dubh...'*

Tá giotáí eile Gaeilge le fáil i measc imleabhair thuaisceart an chontae, roinnt paidreacha as [Ó Méith anseo](#) agus an t-amhrán [seo](#) *Seán Ó Daoighre* (leagan áitiúil de *Seán Ó Duibhir*) a bailíodh ar an teorainn le [hArd Mhacha](#) i bparóiste an [Chreagáin](#).

Ní hionadh go bhfuil neart seanchais ann a bhaineann le ceantar Chuaille agus na sléibhte maorga sin. Bhíodh Fionn Mac Cumhaill féin ag tarraingt ar an áit, de réir dealraimh, agus ní mó ná sásta a bhí sé nuair a chonaic sé a chéile comhraic os a chomhair ar na [Beanna Boirche](#). Is féidir léamh [anseo](#) agus i leagan eile [anseo](#) faoin dóigh ar chaith sé urchar cloiche leis - rud a d'fhág [An Chloch Mhór](#) ina seasamh ansin ó shin.

Má bhí éachtaí Fhinn fós i mbéal an phobail, níor ligeadh Cú Chulainn, laoch Uladh, i ndearmad ach oiread. Is féidir léamh sa scéal [seo](#) faoin dóigh ar cheangail sé é féin le cloch - [Cloch an Fhir Mhóir](#) - agus gur chuir sé a chosa i dtaca i gcoinne a naimhde go dtí gur éag sé.

Tá cáil i gcónaí ar thuama meigiliteach ar shléibhte Chuaille chomh maith, [Uaigh na Mná Móire](#), agus tá seanchas [anseo](#) gur casadh bean ard álainn ar fhear áitiúil agus é sa Spáinn. Mheall sé ar ais go hÉirinn í agus an ghrian agus an ghealach geallta aige di, ach gur thit sí marbh nuair a chonaic sí a shuaráí is a bhí a chuid maoinne. Ceapadh amhrán fada ar na heachtraí seo chomh maith, agus tá sé le léamh [anseo](#).

I gcúrsaí cuimhneacháin, is bliain thábhachtach í 2016 do mhuintir na hÉireann trí chéile. Ach i gcontae Lú, tá tábhacht bhreise ag baint leis, ós rud é go bhfuil 200 bliain ann ó dódh Teach na Fiaghé (*Wildgoose Lodge*) i [mBaile an Riabhaigh](#). Bhí fear de mhuintir Uí Loingsigh agus a mhac cleamhnais sa teach sin oíche amháin nuair a rinne baill de na Ribínigh iarracht an teach a chreachadh. Tharla troid agus crochadh triúr de na Ribínigh ina dhiaidh sin mar gheall ar an ról a bhí acu san eachtra seo. Mar ghníomh díoltais, dódh an teach agus muintir an tí istigh ann, agus leanbh óg ina measc. Is féidir tuilleadh a léamh [anseo](#).

I measc na scéalta spéisiúla eile, ba chóir tagairt a dhéanamh do Shéipéal Léime [Bhaile Mhiológ](#). I leagan amháin den scéal atá le léamh [anseo](#), fuair Protastúnach áitiúil bás agus bhí a mhuintir ag iarraidh go gcuirfí é taobh istigh de bhallaí an tseanséipéil seo, cé gur eaglais Chaitliceach a bhí ann. D'éirigh leo sa deireadh, ach an lá i ndiaidh a churtha, tugadh faoi deara go raibh a uaigh taobh amuigh de na ballaí. Agus an chúis leis seo - léim an séipéal thar an uaigh lena choinneáil amuigh!

Ó thaobh an naomhsheanchais de, tá baint ag Naomh Bríd le [Fochaird](#) agus is féidir léamh [anseo](#) faoi bhunús Chros Bhríde. Tá scéal [anseo](#) fosta faoi shruthán Bhríde agus an cumhacht atá ann. Tá baint ag

[Ard Pádraig](#) le Naomh Pádraig féin agus le Naomh Oilibhéar Pluincéad chomh maith. Tá scéal [anseo](#) faoin dóigh ar éalaigh sé ó shaighdiúirí Sasanacha agus go ndeachaigh sé i bhfolach i gcrann sa cheantar sin.

Tá neart scéalta eile ann: finscéalta a bhaineann leis [an Bhóinn](#), cosúil leis an cheann [seo](#), agus an ceann [seo](#) a bhaineann le Fionn agus an Bradán Feasa. Agus ar ndóigh, ní bheadh bailiúchán scéalta ina cheart gan bithiúnach míchlúiteach - isteach le Cromail agus neart scéalta [anseo](#) faoina dhrochghníomhartha i [nDroichead Átha](#).